# DÍOSPÓIREAĊTA ROINN AN OIDEAĊAIS

(AR LEANÚINT)

Ag leanúint do óráid an Aire ar an meastaċán sa Dáil, dúirt an tUasal Ó Colla gur rún dó iomlán a ċuid urraiḋ, a leagan amaċ ar forbairt iar-ḃun-oideaċas sna blianta rómainn. Caitfió tabairt faoi ar iomad plánaí. Caitfí a raiḃ de ḋeiseanna insan ċóras ċeana féin a ċur in úsáid níos fearr. Deiseanna nua agus tuilleaḋ scoláireaċtaí a ċur ar fáil, agus na cúrsaí agus na caiġdeáin oideaċas atá ann ċeana féin a aṫ-ḃreiṫniú.

Ní h-aon aiḃéil é a rá, adéirfinn, adúirt an tAire, go ḃféadfaḋ leas an náisiún san am le teaċt, a ḃeiṫ i muinín na faiḋbe seo. Ó ṫárla, dá réir sin a ṁéid de leasa náisiúnta atá i gceist, is cinnte mé, go mbeiḋ gaċ uile ḋuine is dream lena mbaineann, sásta có-oibriú fá ċroí mór maiṫ sa ġnó seo, agus naċ féidir a ḃeiṫ i gceist aon ḃacaint a ḃeiṫ ar ár n-iarraċtaí tré leas cúngaicme ar biṫ a ḃeiṫ dá ċur ar béal leas an náisiún.

An tUasal Mac Seoin, a labair ar son Ḟine Gael, agus dúirt sé cuid mór dá óráid as Gaeilge.

Ag leanúint i mBéarla, dúirt an tUasal Mac Seoin gur ċeart go léireoḋ ráiteas an Aire, a aiómneanna de ṫairḃe oideaċais. Nuair a ḃí an tAire ag iarraiḋ airgid fá ċoinne na seirḃísí, ḃí an Dáil ag súil le cuntas ar stiúrṫóireaċta na Roinne, de ṫairḃe airgeada cuireaḋ ar fáil ċeana. Ḃí áṫas air, adúirt sé, gur léiriġ an tAire céard a ḃí in intinn aige de ṫairḃe oideaċais. Ceann de na rudaí ba táḃaċtaí insan aimsir rómainn ab' ea an t-oideaċas a ḃéarfaimís d'ár ndaoine óga le iad a ċur in oiriúint don cineál saoil a ḃéas acu. Ḃíoḋ sé domanaċais, saoṫúlaċta nó spioradálta. Ba ṁaiṫ an rud go dtug an tAire a ṫuairimí féin agus go dtug sé caoi fá ċoinne na tuairimí sin a ṁeas insan tír.

Ṁeas an tUasal Mac Seoin gur ċeart plean cuimsíṫeaċ do Oideaċas. Ṫráċt an tAire ar na gnéiṫe fé leiṫ Oideaċas a ḃí scaipṫe óna ċéile go dtí seo. Ba ṁaiṫ an rud naċ mbeaḋ sé sin amhlaiḋ feasta, agus go 'mbeaḋ córas aontaiṫe againne, san dóiġ a mbeiḋ fios ag an páiste ⁊ a ṫuismiṫeoirí goidé mar raċfas an páiste ċun cinn.

Dúirt an tUasal Úac Seoin gur ċeart an aois fágála scoile a árdú ó 14. Ḃeaḋ deacraċtaí ann, aċ níor ċeart ligint do na deacraċtaí sin cosc a ċur leis an árdú go 15 nó 16 bliana.

.Ba ċeart don Aire an aois a árdú go 15 ar tús, agus na ḋiaiḋ sin go 16. Dár leis gur ċeart úsáid a ḃaint as seirḃísí an ṁúinteora taisteal mar forlíonaḋ do oideaċas na mbunscol.

Ḃí géarġá le gairm-oideaċais, agus ba ṁaiṫ leis molaḋ a ṫabairt don córas a ḃí againn. Aċ, ní ḟéadfaimís a ḃeiṫ ró sásta. Ċaitfeaḋ muid coinneáil suas leis an gluaiseaċt oileaċas ar fud an domain.

De ṫairḃe na scoltaċa coimsíṫeaċa, de, níor ċeart dúinn dearmad go raiḃ roinnt ṁaiṫ mean-scoltaċa scaipṫe ar fud na tíre a ḃí ag tabairt oideaċas maiṫ do ṗáistí. Ba ċeart an tréimse ins na bunscoltaċa a ḋéanaṁ níos éifeaċtaí, adúirt an tUasal Mac Seoin. Agus ċuige sin, ḃí árdú an aois fágála ag teastáil, agus feiḋmniú níos éifeaċtaí ar freastal scoile. Ḃí géar-ġá le ísliú an uimir scol-

teanga labarṫa a ḃeiṫ againn, nó leanúint leis an teanga scríofa agus gramadaċ agus léiṫeoireaċt.

"Caiṫfaimíd a ġlacaḋ gur gá teanga a ḋúnṁarḃú leis an teanga a labairt. Sé sin, go gcaiṫfaimíd na páistí a spreagaḋ leis an teánga a labairt fiú má níonn siad earraidí gramadaí. B'é an príoṁ rud ná labairt na teangan. Níos moille, d'ḟéadfaí teaċt ar aġaiḋ le gramadaċ agus léaṁ na teangan. Dár leis gurb é an múinteoir an duine ab' fearr a d'ḟéadfaḋ a rá cé acu a d'ḟéadfaí ábair eile a teagasc tré Ġaeilge. B'é an príoṁ rud go dteagascfaí an Ġaeilge féin, ⁊ go mbeaḋ na páistí ábálta a ḃeiṫ líofa insan teanga. Ba ċeart don Roinn an scéal a ḟágáil faoi ḃreiṫ na múinteoirí.

Ba ṁaiṫ leis a ḟeiscint, adúirt an tUasal Mac Seoin, go raiḃ an tAire ag smaoineaṁ ar béaltrialaċa ag deireaḋ an tréiṁse bun-scoile. I bpáipéar aṁáin le déanaí, ḃí abairtí ann naċ dtiocfaḋ leis na páistí go léir a tuiscint, d'ḟág sin deacraċt do ṗáiste é féin a ċur in iúl i dtriail scríofa. Má leantar don triail scríofa, ní ḃeiḋ dul ċun cinn ann ag deireaḋ na bliana. Ní raiḃ duine ar biṫ ag iarraiḋ caiġdeán níos ísle, aċ má ba ṁaiṫ linn an teanga labarṫa a ḃeiṫ againn, ċaitfí breiṫniú a ḋéanaṁ ar an triail scríofa, agus ar scríoḃaḋ na Gaeilge. Insan páipéar scrúdaiṫe a raiḃ sé ag caint faoi, ḃí abairtí naċ mbeaḋ ar eolas ag páistí i gCúiġí na tíre ar fad. Ní ḟéadfaí páipéar scríofa a ċur naċ mbeaḋ deacraċtaí ann, muna gcuirfí ceann do gaċ Cúige.

Cé go raiḃ gá le cibics, mar 'dúirt an tAire, ní ḟéadfaí clár na mBunscol a leaṫnú barraíoċt, nó ḃeaḋ ísliú san ċaiġdeán. Ḃí géarġá le coṁair é a ḃeiṫ ar fáil do ṗáistí ag fágáil scoile. Má tá meanscoil insan ċeantar, ba ċeart a ċoṁairliú díoḃa a ḋul ansin nó ċuig gairmscoil, má tá a leiṫéid sa ċeantar. Aċ, muna ḃfuil gairmscoil nó meanscoil, fágtar an páiste ó 14 go 16 ar a ċonlac féin, agus go minic, bíonn droċ tionċar ag cur isteaċ air. Do ḟasuairí mar sin, ba ċeart seomra ar leiṫ a ċur leis na bunscoltaċa agus oideaċas leanúnaċ a ċur ar fáil ansin, do páistí naċ ḃféadfaḋ dul ċuig meán-scoil nó gairmscoil.

Ḃí sé táḃaċtaċ, adúirt an tUasal Mac Seoin, go mbeaḋ céim agus seasaṁ níos fearr ag an ġairm-oideaċas insan aimsir rómainn. Ba ċeart don Aire a ċur in iúl do na Coistí Gairm-Oideaċas, gur gá dóiḃ deifriú le n-a gcuid pleananna fá ċoinne aiseanna teicniúla, agus go h-áiṫrid do na Coláistí Teicneolaíoċta. Ḃí géarġá leis sin.

De ṫairḃe meán-oideaċas, dúirt sé, ḃí 338 scoileanna lae, ⁊ 235 scoileanna cónaiṫe. B'ḟiú a ṫabairt fé ndeara go raiḃ os cionn 150 in 336 de na meanscoltaċa amaċ as iomlán 573. Ba ċeart na h-aiseanna céanna a ṫabairt do na scoltaċa beaga ⁊ atá ag na scoltaċa móra. Ḃí na scoltaċa beaga ag soláṫar oideaċas ar táillí an íseal, oideaċas ar táillí an íseal, oideaċas naċ mbeaḋ ar fáil ar aon ċaoi eile. Mar sin de, ḃí siad ana luaċṁar. Ní raiḃ ioncum ċoṁ h-árd ag na daoine ins na háiteaċa tuaiṫe, a ḃí ag iarraiḋ a gcuid páistí a ċur ar na scoltaċa seo, agus ba táḃaċtaċ díoḃa naċ mbeaḋ na táillí ró árd. Ba

Albain, £19. Ní raiḃ sé sásúil go leor a rá go mbeaḋ 20,000 scolaireaċtaí meanscoile agus 2,000 scolaireaċtaí ollscoile in 1970.

Caitfeaḋ an roinn níos mó den obair seo a ḋéanaṁ. Ḃí bíogú i gcúrsaí oideaċas, agus ḃí gaċ duine ag 'caint faoi anois. Ḃí an iomad meanscoltaċa i gceantar áiṫrid, adúirt sé, agus gan go leor i gceantar eile. Ba ċeart go mbeaḋ leaṫnú agus méadú ar suim na dtuismiṫeoirí ins na scoltaċa. Ḃí na gairm-scoltaċa ag déanaṁ obair ṁaiṫ, aċ d'ḟéadfaḋ sé go raiḃ na h-ábair ag dul as dáta. Dár leis gur ċeart níos mó teagasc a ḋéanaṁ fá scríḃneoirí an lae inniu sa Ḃéarla.

Dár leis gur ċeart níos lú Laidin agus Gréigis a ḋéanaṁ ⁊ níos mó do teangaċa nua-aimsire.

Dúirt an tUasal Briscó, gur ḟan sé go speisialta leis an meastaċán seo lena ċéad óráid sa Dáil a ḋéanaṁ, nó, dár leis gur cúrsaí oideaċas a réiteóḋ cé'n bealaċ a raċfaḋ an náisiún insan doṁan coiṁlinteaċ ina ḃfuil muid. Ḃeaḋ an té a ḃeaḋ ag ceannaċt teicníoċt agus scil mar sclábaí ag an té a raiḃ sé le díol aige.

Le déanaí, fuair sé amaċ go raiḃ dúil sa léiṫeóireaċt go leiṫéadaċ ag pobal na hÉireann, agus frío páistí na hÉireann ċoṁ maiṫ. Ní raḃar ag caiṫeaṁ go leor airgid ar leaḃarlanna sa tír seo, agus go h-áiṫrid, ar leaḃarlanna scoile. Aċ, ba ṫrua naċ mbeaḋ níos mó foilseaċán a mbeaḋ suim speisialta ag páistí na hÉireann iontu. Ḃí leaḃraí staire na hÉireann an ḃoċt ar fad, i ḃfoirm ċoṁ h-éifeaċtaċ ⁊ a ḃí leaḃraí staire tíorṫa eile.

Ḃí áṫas air go raiḃ sé i gceist ag an Rialtas aṫ-eagrú a ḋéanaṁ ar scéim caḃraiṫe stáit le foilsiú i nGaeilge, idir an Gúm, agus na deontaisí a íoctar le foilsiṫeoirí príoṁáideaċa agus tréiṁseaċáin, agus texts agus grinnscéalta.

Ṁeas An tUasal P. Ó hÓgáin gur ċeart úsáid a ḃaint as Telefís Éireann i dteagasc staire ⁊ tíreolas, agus dúirt sé gur ċart aire fé leiṫ a ṫabairt do ċeist na scoltaċa beaga i gceantair naċ raiḃ mórán daonra, agus ṁeas sé, mar adúirt an Teaċta Ó Diolúin, ċeana, gur ċeart scoil lár ṗaráiste a ḃeiṫ ann, agus cáras iompar ċuige.

Dúirt Séamas Ó Tulaiġ, T.D., go raiḃ sé cinnte go mbeaḋ an Roinn Oideaċas níos fearr de ḃárr an Uasal Ó Colla, a ḃeiṫ i gceannas.

Ag tráċt ar an árd-teistiméireaċt, dúirt sé go raiḃ cailín anuraiḋ, a fuair pas in ábar naċ ndearna sí scrúdú ann ar ċor ar biṫ, agus ṫeip uirṫi in ábar eile gur ṁeas sí go ḃfaiġeaḋ sí onóraċa ann.

Dúirt Seán Ó Móróa gur ṁaiṫ an rud go mbeaḋ breis mór scoláireaċtaí, aċ nár ċeart scoláireaċtaí a ḟágáil faoi an Roinn, agus na h-údaraisí áitiúla aṁáin, agus gur ċeart do tionsclóirí saiḃre airgead a ṫabairt fá ċoinne scoláireaċtaí in ionad é ċaiṫeaṁ ar fógraíoċt den tsagas a ḃí ar siúl le tamall.

Rinne sé aaċine do tionsclóirí na hÉireann a ḃeiṫ ċoṁ fial agus a ḃí tionsclóirí i dtíorṫa eile faoi oideaċas.

Ḃí na ranganna i mBaile Áṫa

## AG BREAṪNÚ SIAR

**DONALL Mac AMHLAIBH**

DIA SAṪARN 2-3-1960.

Ċaitfeaḋ sé go mbíonn na caoċáin (moles) beaga sin anġnóṫaċ de oíċe amuiċ san áit a ḃfuil muid ag obair arae níl órlaċ den mbáinseaċ naċ ḃfuil toċailte acu. Is rí-ḋeas na h-ainmiṫe beaga iad, faoi'n a gcótaí míne, aċ is uafásaċ go deo an doċar a ḋéanann siad don talaṁ. Ṫáiniġ mé féin ar ċeann marḃ anuraiḋ agus cuireaḋ iontas orm nuair a ċuas ag breaṫnú ar a láṁa (is ar láṁa a smaoineóċá, agus ní ar lapaí) ḃíodar coṁ ċruaí, láidir sin. Tá na h-iongnaí an-fada agus an ċruaí agus bíonn dearnain breá leaṫan ar na lapaí le gur fearr a tiocfas leo an ċré a ċartaḋ siar ó ḃéal an ṗoill. Ba deas an rud é, feictear dom, ceann acu a ċoinneáill mar ṗeata. Sé sin más féidir iad a ċoinneáil beo ina bpriosúnaiġ.

Ḃí an t-an-craic inniu againn ar Ġoilín is ar Ċorċuíoċ eile (Ó Ċoileáin a sloinne) ag magaḋ faoi ċéile. Dár le Goilín naċ raḃ sa gCoileánaċ aċ latchicoe de ḋuine a ṫáiniġ anall as Éirinn le lipéad ar ċába a ċóta ar ḟaitcíos go ngaḃfaḋ sé amú. Aċ tá sé ṫéis teaċ "Council" ḟáil i Northampton anois agus deir Ġoilín go b'ṡin ċruṫú gur slíomadóir glic é.

"Yerra, didn't I see ye the same way up in Dublin when the poor Dubliners couldn't get a house; all the Corkmen gettin' the finest of houses through bribery and cuteness; and now ye're starting the same thing over here. That's it now, boy; Charlie has your measure!"

Ṫosuiġ an Coileánaċ annsin ag rá gur aiṫn sé ar an "boy" sin a ḃíonns i mbéal Ġoilín i gcónaí go b'é ḃí ann sa mbaile duine de na stocairí sin a ḃíonns ag crá na paisnéirí ag teaċt den ḃád, ag fiarú dóiḃ:

"Carry yer bag, boy?"

"Ḃí ḟios agam go ḃfaca mé ċeana tú", ar seisean le Goilín, agus is ċuiṁneaċ liom anois tú ḃeiṫ ag iarraiḋ an mála a ḃaint amaċ as mo láṁa nuair a ṫáiniġ mé den ḃád faoi Nollaiġ, bliain. B'éigean dom é ṫúirt duit ar deire agus d'íoc mé scilling leat as uċt í iompar coṁ fada leis an ráille sin ṫall. Is gasta a ḃí tú ag saoṫrú na bpinġneaċaí an uair sin aċ caitfiḋ tú beagán níos mó oibre a ḋéanaṁ ar a son anois."

"Ara, scread na maidine ort a ċáḃóg, ár ndó ní ḃeaca tusa aḃaile riaṁ ó ṫáiniġ tú anall. Dá mba a' ḋul aḃaile mar sin a ḃeiṫeá. ar saoire, ní ḃeiṫeá in acfuinn lán a tí nua sin de contemporary furniture" a ċeannaċ. Ó, níl baol ar biṫ naċ tú a rinne go maiṫ ḋuit féin — fear a landáil i Léarṗoll agus lipéad an "sugar beet" ar ċába a ċóta aige agus a ċuid ḃalċaisí faoi'n a ascail aige 'siad fillte suas i bpáipéar an Ḋoṁnaiġ, agus anois a ḃfuil teaċ "Council" lán ṫroscáin ġalánta agus deiseannaí nua aimseara aige (gan traċt ar Telefís) — ár ndó ní h-é a aiṁleas a rinne an fear sin i dtír Ṡeáin Ḃuí?"

Ċoileánaiġ ṫiar i gCorcaiġ, 'sí ag cur síos lo ḃean ċoṁursana ar ċó maiṫ is mar ḃí a mac ag déanaṁ i Northampton.

"'Sé Ḟionnbarr se' a'ainne tá ag dul ar aġaiḋ go maiṫ sa saol, ṫall annsin, a Ḃidí. Fuair mé litir inné uaiḋ ag cur síos ar an dteaċ breá nua tá faiġte aige i Northampton. Tá dabaċ folċa ⁊ 'ċaon t-sórt ann agus bráiṫlíní urláir go ruitín. Tá job maiṫ seascar ar an mbóṫar iarainn aige agus tá a ḃean amuiġ ag obair aige freisin. Ó tá sé ag déanaṁ go maiṫ, a Ḃidí. ón lá a d'ḟága sé an áit seo nuair naċ raiḃ dá leiṫṗiġinn le ċimilt in aġaiḋ a ċéile aige. Is beag an baoil a ḃí air a ċuid airgid a ċaiṫeaṁ go fánaċ dála cuid acu as an gceanntar seo tá ṫall annsin."

Annsin díol Goilín an cóṁar le cúpla duine de na laos a ḃí ag seasaṁ leis an ḃfear eile. Corcuíoċ a ḃí i nduine acu agus b'as Árd Ṁaċa an fear eile. Ḃí 'ċaon nduine acu mar gangers ag Laing anuraiḋ nuair a ḃí obair motar-ḃealaiġ faoi lán tseoil, aċ tá siad ag sclábaíoċt anois ar nós duine ar biṫ. Rug Goilín ar ḋóirnín na sluaisde, mar ḋói ḋé go mba miocrófóin a ḃí ann, agus ṫosaiġ sé ag déanag agallaiṁ leis an mbeirt.

"Good evening, viewers, we have two gentlemen here before the cameras and I'm just going to ask them a few questions. Now you two gentlemen were gangers on the Motorway last year I believe? Well, could you tell us now what change of fortune occasioned this backward promotion? H'm, I see, you became redundant."

Ċaoċ Goilín an tsiúl orṫainn annsin, agus ar seisean de ċogar stáitse—

"Redundant — that's a nice way of saying they were sacked!"

Lean sé den "gceistniú" annsin.

"Well, could you just tell us now in a very few words what it feels like to be back among the boys? You're both quite happy? Good! Well, I think I can say on behalf of the boys that we'd rather have you **among** us than **over** us; isn't that so boys? Thank you gentlemen, thank you very much!"

Ní ḋéarna fear mór Árd Ṁaċa aċ gáire faoi aċ d'aiṫin mé ar an ḃfear eile nár ṫaiṫn sé go ró-ṁaiṫ leis, cé nár leig sé tada air féin. Is beag duine sa mbuíon seo nár ċaiṫ seal ama ar an mótar bealaċ sin agus is breá leo fir a ḃí ós a gcionn an uair sin feiceáil ag obair le'n a dtaoḃ anois.

Tugaim faoi deara gur fíoranaṁ a labruíonn na fir pósta annseo ar a gcuid mná, ní h-ionanns na Sasanaiġ a ḃíonns ag cur síos orṫu i gcónaí. Is fir pósta an triú cuid den meiṫeall seo, go réiḋ, aċ ní ċloisfeá aon fear acu ag caint ar a ḃainċéile mura ḃfuil fíor - ċorr uair ann. Aċ nuair a ḃí mé ag obair ar an mBord Leictreaċais annsin roiṁ na Nollag, ḃínn boḋ-